C/2024/7268

3.12.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11765 – SEGRO / PSPIB / REGENSBURG ASSET)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7268)

1. An 26 Samhain 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— SEGRO plc ('SEGRO', an Ríocht Aontaithe),

— Public Sector Pension Investment Board ('PSPIB', Ceanada)

— Regensburg Logistics Asset (an 'Spriocshócmhainn', an Ghearmáin).

Gheobhaidh SEGRO agus PSPIB rialú comhpháirteach ar an Spriocshócmhainn ina iomláine de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— SEGRO: úinéireacht, bainistiú sócmhainní agus forbairt trádstóras nua-aimseartha agus réadmhaoine tionsclaíche éadroime atá suite timpeall ar chomhchathracha móra agus ag príomh-mhoil iompair ar fud roinnt tíortha de chuid an Aontais Eorpaigh,

— PSPIB: bainistíonn sé punann domhanda éagsúlaithe lena n-áirítear stoic, bannaí agus urrúis ioncaim sheasta eile, mar aon le hinfheistíochtaí i gcothromas príobháideach, réadmhaoin, bonneagar, acmhainní nádúrtha agus infheistíochtaí creidmheasa. Is é is bainisteoir infheistíochta pinsin na bpleananna pinsin atá ag Seirbhís Phoiblí Fheidearálach Cheanada, Arm Cheanada, Póilíní Capall Ríoga Cheanada agus an Fórsa Cúltaca,

— An Spriocshócmhainn: Dhá fhoirgneamh lóistíochta agus talamh forbraíochta atá lonnaithe i Regensburg, an Ghearmáin. Tá an Spriocshócmhainn ar léas le tríú páirtithe faoi láthair.

3. De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11765 – SEGRO / PSPIB / REGENSBURG ASSET

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË